7.12.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
(COM2023/0435 – C9-0000 – 2023/0259(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Francisco Guerreiro

## RÉASÚNÚ GEARR

An 13 Samhain 2017, thug an Chomhairle údarú tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an tSile le haghaidh nuachóiriú a dhéanamh ar Chomhaontú Comhlachais 2002 idir an tAontas agus an tSile atá ann cheana. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích ar an leibhéal teicniúil i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus, tar éis roinnt pléití déthaobhacha a tharla ina dhiaidh sin, foilsíodh caibidlí an Chomhaontaithe faoin 9 Nollaig 2022, agus tugadh cothrom le dáta iad mar an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas agus an tSile.

Tá gnéithe den inniúlacht roinnte leis na Ballstáit sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil, agus, dá bhrí sin, cuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa é le haghaidh toiliú agus faoi bhráid Bhallstáit uile an Aontais lena dhaingniú freisin. Idir an dá linn, beidh forálacha an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil maidir le rochtain ar an margadh trádála agus infheistíochta faoi réir nós imeachta daingniúcháin an AE amháin mar Chomhaontú Trádála Eatramhach faoi inniúlacht eisiach AE. Rachaidh an Comhaontú Trádála Eatramhach sin in éag a luaithe a thiocfaidh an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil i bhfeidhm.

Leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil, baintear ardleibhéal léirscaoilte taraifí amach ar thaobh na Sile, rud a fhágann go bhfuil 99.9 % d’onnmhairí AE saor ó tharaifí dá bharr. Mar sin féin, ní áirítear táirgí íogaire an dá pháirtí, go háirithe siúcra do AE agus don tSile, agus rís agus bananaí do AE, sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil. Ní thugtar rochtain bhreise ar mhargadh an Aontais ach amháin i bhfoirm cuótaí saor ó dhleacht. Leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil, cuíchóirítear cuótaí saor ó dhleacht atá ann cheana a dheonaítear don tSile i leith mairteola agus caoireola, lena gcuirtear deireadh leis an ráta fáis bliantúil agus lena soiléirítear méideanna seasta. Seachas an méadú a bhaineann le héanlaith chlóis, is méaduithe réasúnta beag atá tagtha ar chuótaí saor ó dhleacht atá ann cheana i leith muiceola, gairleoige agus iasc stánaithe. Leis an gComhaontú, cosnaítear 216 thásc geografach (TGanna) eile le haghaidh táirgí agraibhia Eorpacha agus 18 TG ón tSile.

I gcomhréir leis an rún ón bParlaimint an 14 Meán Fómhair 2017, féachtar leis an gComhaontú le forbairt a dhéanamh ar an gComhaontú Comhlachais atá ann cheana trí chaibidil thiomnaithe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TFI) a chur leis. Tá

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 19 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Bert-Jan Ruissen |
| PPE | Franc Bogovič, Herbert Dorfmann, Peter Jahr, Norbert Lins, Colm Markey, Gabriel Mato, Marlene Mortler, Dan-Ştefan Motreanu, Michaela Šojdrová |
| Renew | Asger Christensen, Vlad Gheorghe, Martin Hlaváček, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Carmen Avram, Camilla Laureti, Juozas Olekas |

| 9 | - |
|---|---|
| ID | Ivan David, Gilles Lebreton, Eric Minardi |
| PPE | Anne Sander |
| Renew | Jérémy Decerle |
| The Left | Luke Ming Flanagan |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Claude Gruffat, Martin Häusling |

| 3 | 0 |
|---|---|
| PPE | Daniel Buda |
| Verts/ALE | Francisco Guerreiro, Thomas Waitz |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

